C/2024/6216

16.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11696 – OEP CAPITAL ADVISORS / COMAU)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6216)

1. An 8 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— One Equity Partners Capital Advisors, L.P. ('OEP', na Stáit Aontaithe),

— Comau S.p.A ('Comau', an Iodáil), atá faoi rialú deiridh Stellantis N.V. ('Stellantis', an Ísiltír)

Gheobhaidh OEP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Comau ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é OEP a dhíríonn ar comhcheangail chlaochlaitheacha laistigh de na hearnálacha thionsclaíochta, cúraim sláinte agus teicneolaíochta i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip.

— Is cuideachta comhstoic é Comau a eagraítear faoi dhlíthe na hIodáile. Tá Comau agus a fhochuideachtaí gníomhach i ndearadh, táirgeadh agus soláthar córas uathoibrithe tionsclaíoch, róbataice, línte cóimeála agus ardréitigh uathoibrithe d'fheidhmchláir agus d'úsáideoirí deiridh sna réimsí mótarfheithicil, iompair, leictrea-shoghluaisteachta, trádstórais agus lóistíochta, fuinneamh in-athnuaite (lena n-áirítear hidrigin ghlas), tionscail throma (i.e. longthógáil) agus oideachais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11696 - OEP CAPITAL ADVISORS/COMAU

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË